# Fógra go bhfuiltear chun Ceadúnas Sirtheoireachta a Athnuachan

De bhun alt 8(6) den Acht Forbairte Mineārál, 1940, arna chur isteach le halt 2 den Acht Forbartha Mianraí, 1995, tá sé ar intinn ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil an ceadúnas sirtheoireachta le haghaidh Táirmhiotal, Bairítí, Airgid agus Óir, atá i seilbh Gold Note Minerals Limited, c/o BTU Metals Corp, 1240-789 W Pender Street, Vancouver, British Columbia, V6C 1H2, Ceanada, a athnuachan sna Bailte Fearainn seo a leanas i gContae na **Gaillimhe**.

**Bailte Fearainn i mBarúntacht an Rois:** Na Braonáin, An Cheathrú Gharbh, An Cloigeann, Corr na Móna, An Chorr, An Doirín, Dubhacta, Dúros, Droim Snámha, Farnocht, Gleann Loiscthe, Na Grigíneacha, Béal Átha na mBreac, Na Lí, An Mám Thiar, An Móinín Mór, Muintir Eoghain Thoir, Muintir Eoghain Láir, An Ráithe, Tír na Cille Thuaidh, Tír na Cille Theas.

Tá mapaí a léiríonn na limistéir ar fáil i Stáisiún na nGardaí sa Chlochán agus sa Mhám; in Oifig Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX; Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann, Tor an Bhacaigh, Baile Átha Cliath, D04 K7X4 agus ag an seoladh thíos.

Ba cheart agóidí i gcoinne athnuachan an cheadúnais a dhéanamh chuig an seoladh thíos laistigh de **30 lá** ó dháta an Fhógra seo. Forchoimeádann an tAire an ceart chun sonraí na n-agóidí a chur ar fáil don iarratasóir chun a mbailíocht a mheas go hiomlán.

**TABHAIR FAOI DEARA:** Bíonn sealbhóir ceadúnais lorgaireachta i dteideal iniúchadh a dhéanamh le haghaidh fosuithe mianraí agus ní thugann sé aon údarú chun mianadóireacht a dhéanamh ar aon mhianraí. Is iondúil go mbíonn na gníomhaíochtaí a cheadaítear faoi cheadúnas, neamh-ionrach agus go mbíonn tionchar íosta acu ar an gcaomhshaol de ghnáth. Tá measúnú déanta ag an Aire ar an gclár taiscéalaíochta atá beartaithe ag an gcuideachta agus tá cinneadh déanta aige nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag na gníomhaíochtaí ar an gcomhshaol.

Tá tuilleadh eolais, fógra reachtúil agus cinneadh an Aire le fáil ag:
http://www.DCCAE.gov.ie/EMD

An Rannán Taiscéalaíochta agus Mianadóireachta
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
29-31 Bóthar Adelaide
Baile Átha Cliath
D02 X285
Ríomhphost: EMD.info@DCCAE.gov.ie

Tag. MA 312/1 Dáta:25 Iúil 2019

# Cinneadh faoi Ghníomhaíochtaí Sonracha Sirtheoireachta

Tá measúnú déanta ag an Aire ar an tionscadal taiscéalaíochta atá molta ag an gcuideachta agus a chinneadh nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag na gníomhaíochtaí ar an gcomhshaol agus tá sé ar intinn aige an Ceadúnas Sirtheoireachta seo a leanas a dheonú.

| | |
|---|---|
| **Limistéar an Cheadúnais Sirtheoireachta** | **1431, 2295, 3145** |
| **An Chuideachta** | **Gold Note Minerals Ltd** |
| **Gníomhaíocht** | Léarscáiliú geolaíochta, sirtheoireacht, gheoicheimic agus trinseáil, más gá sin. |
| **Ceisteanna Comhshaoil** | Oibreacha sealadacha iad mapáil, lorgaireacht agus gheoicheimic agus ní bhíonn i gceist leo achsuaitheadh íosta. Ní dócha go mbeidh tionchar suntasach ag na gníomhaíochtaí ar an gcomhshaol.<br>Sa chás go n-aithneofar spriocanna trinseála,<br>beidh an ghníomhaíocht trinseála mholta faoi réir measúnú scagtha breise<br><br>I gcás gníomhaíocht atá beartaithe ar Limistéar Oidhreachta Náisiúnta (LON) nó ar an Limistéar Oidhreachta Náisiúnta molta (LONm) (m.sh. Sliabhraon Maumtrasna agus Maumturk, Loch Coirib LONm) beidh an ghníomhaíocht mholta faoi réir measúnú scagtha breise. |
| **Láithreáin Eorpacha** | **Sliabhraon Maumturk SPA (Cód an tSuímh 002008)**<br>**Loch Coirib SAC (Cód an tSuímh 000297)**<br>**Loch Coirib SPA (Cód an tSuímh 004042)**<br>**Loch Measca SPA (Cód an tSuímh 004062)**<br>**Coimpléasc Loch Ceara/Measca SAC (Cód an tSuímh 001774)**<br>Tá cinneadh scagthástála déanta don tionscadal. Tugadh aird ar leith do na Láithreáin Eorpacha atá liostaithe thuas. Sa chás go mbeartaíonn an chuideachta aon ghníomhaíocht a chur i gcrích taobh istigh de, nó díreach in aice leis na láithreáin Eorpacha, déanfar scagadh breise air ar mhaithe le measúnacht chuí.<br><br>Tá cinneadh déanta nach bhfuil sé d'acmhainn ag an tionscadal tionchair shuntasacha a bheith aige ar Láithreáin Eorpacha. |
| **Faisnéis faoin gComhshaol atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.** | 1. Treoir maidir le Doirteadh Screamhuisce i gcas Druilleáil Taiscéalaíochta<br><br>2. Treoirlínte le haghaidh Dea-Chleachtas Comhshaoil i dTaiscéalaíocht Mianraí<br><br>3. Cosaintí Comhshaoil - Bealach na hÉireann |
| **An tÚdarás** | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil |
| **Dáta an Fhógra** | 25 Iúil 2019 |